Department of Education
www.deni.gov.uk
An Roinn Oideachais
Männystrie o Lear

INVESTOR IN PEOPLE

**Ábhar:**

**DRÉACHTSTRAITÉIS NA LUATHBHLIANTA (0-6)**

**Uimhir Chiorcláin:**
**2010/16**
**Dáta eisiúna:**
**25 Meitheamh 2010**

---

**Sprioclucht léitheoireachta:**

- Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí i ngach bunscoil agus iarbhunscoil dheontaschúnta
- Boird Oideachais agus Leabharlann
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil.
- An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnachta.
- Ceardchumainn mhúinteoirí.

**Clár achomair:**
Tugann an ciorclán seo fógra faoi na socruithe comhairliúcháin maidir leis an Dréachtstraitéis Luathbhlianta (0-6)

**Fiosrúcháin:**

Ba cheart aon fhiosrúcháin faoi ábhar an Chiorcláin seo a chur chuig:

Feasacht Ghobarnóirí:
**Riachtanach**

Stádas an Ábhair:
**Comhairle**
**Eolas do scoileanna**

Cáipéisí gaolta:

**Dréachtstraitéis na Luathbhlianta (0-6)**

**Páipéar fianaisebhunaithe le heolas a thabhairt do Straitéis na Luathbhlianta (0-6)**

**Dréachtstraitéis na Luathbhlianta (0-6) – Cáipéis Freagraí Comhairliúcháin**

**Cáipéisí Cealaithe:**

Níl aon cheann ann

**Dáta éaga:**

Neamhbhainteach

Suíomh Gréasáin na RO:
**http://www.deni.gov.uk**
Teil: 028 9127 9892
Facs: 028 9127 9100
Ríomhphost:

An Fhoireann Luathbhlianta
An Roinn Oideachais
Rathgael House
43 Balloo Road
Rathgill
BANGOR
BT19 7PR

DE.EarlyYearsTeam@deni.gov.uk

**Cóipeanna breise:**
Tel: 028 9127 9892

**DRÉACHTSTRAITÉIS NA LUATHBHLIANTA (0-6)**

1. Is é is feidhm don Straitéis nua fís agus plean a leagan amach le torthaí níos fearr a chinntiú do pháistí, trí fheabhsú soláthar agus cáilíocht seirbhísí do na páistí is óige, dá dtuismitheoirí agus dá dteaghlaigh go ceann 5 bliana.

2. Leagann cáipéis dhréachtstraitéis na Luathbhlianta (0-6) fís, aidhmeanna agus cuspóirí a moladh, a cheanglóidh an réimse seirbhísí luathbhlianta do pháistí (0-4) ó earnálacha an Oideachais agus na Sláinte leis an Bhonnchéim nua i gcéad bhlianta na Bunscolaíochta. Léireoidh sé an toil atá le comhtháthú sna polasaithe agus sna seirbhísí a théann i bhfeidhm ar na luathbhlianta sa dóigh is go bhfaighidh páistí agus tuismitheoirí na torthaí is fearr is féidir.

3. Foilsíodh Dréachtstraitéis na Luathbhlianta (0-6) agus an Páipéar Fianaisebhunaithe a thacaíonn léi mar aon le leabhrán freagraí comhairliúcháin le cuidiú le freagróirí freagairt struchtúrtha a sholáthar agus d'fháilteoimis roimh bhur dtuairimi ar na moltaí atá leagtha amach sa cháipéis.

4. Is féidir cóipeanna de cháipéis Dhréachtstraitéis na Luathbhlianta (0-6), den pháipéar fianaisebhunaithe a thacaíonn léi agus den leabhrán freagraí comhairliúcháin a fháil ó shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais ag www.deni.gov.uk ó 25 Meitheamh 2010 amach. Cé go nglacfaidh an Roinn le freagairtí i gcóip chrua don chomhairliúchán, mholfaimis freagraí ar líne agus ríomhphoist. Is féidir an cháipéis freagraí comhairliúcháin a íoslódáil, a chomhlánú agus a chur ar aghaidh trí ríomhphost chuig DE.EarlyYearsTeam@deni.gov.uk

5. Mairfidh an comhairliúchán ó 25 meitheamh 2010 go 30 Samhain 2010.

**Marie Abbott**
**Ceann Fhoireann na Luathbhlianta**